



CLÁR 2021 ACHOIMRE AR AN SCÉIM

BEARTA NA NÚDARÁS ÁITIÚIL BEARTA: 1, 2 AGUS 3(A)



Cúlra

Is clár infheistíochta é CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) atá dírithe go sonrach ar cheantair tuaithe agus é mar aidhm aige maoiniú a sholáthar do thionscnaimh bonneagair bheaga i gceantair thuaithe a bhfuil an daonra tite go mór iontu. Oibríonn an maoiniú i bpáirt leis an maoiniú áitiúil agus maoiniú ó ghníomhaireachtaí eile agus cláir eile de chuid na Roinne atá bunaithe ar thosaíochtaí atá aitheanta ag an leibhéal áitiúil.

CLÁR 2021

Tá ardú 10% tagtha ar an maoiniú, rud a chiallaíonn go bhfuil leithdháileadh €5.5 milliún ann do 2021. Déanfar CLÁR 2021 a sholáthar trí cheithre Bheart ar leith mar seo a leanas;

- Bear 1: Tacaíocht do Scoileanna / Bearta Sábháilteachta Pobail
Bear 2: Áiseanna Caithimh Aimsire Pobail, taobh amuigh
Bear 3: Bearta Sláinte Pobail
(a) Gairdíní agus Cuibhrinn Phobail
(b) Córas Taistil Soghluaisteachta agus Cúraim Ailse

Bear Nuála CLÁR: Maoiniú do thograí nuálacha nó píolótacha a théann i ngleic leis na dúshláin ar leith a bhíonn ag na pobail i gceantair CLÁR.

Baineann Achoimre seo na Scéime le Bearta 1, 2, agus 3(a) a bhíonn á soláthar trí na hÚdaráis Áitiúla (ÚÁ).

Amscála

Seoladh na Scéime	Dé Luain, 15 Márta 2021
Dáta le haghaidh iarratais	Dé hAoine, 7 Bealtaine 2021
Maoiniú Bronnta	Tús Iúil 2021
Tionscadail críochnaithe agus tarraingthe anuas	31 Márta 2022

Dul chun Cinn na dTionscadal

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as a chinntiú go gcríochnófar an tionscadal agus go mbeidh an t-airgead tarraingthe anuas taobh istigh den amscála thuas. D'fhéadfadh go n-iarrafaí ar an ÚÁ tuairisc a thabhairt idir an dá linn maidir leis an dul chun cinn ar thionscadail a ceadaíodh.

D'fhéadfadh an Roinn síneadh ama a thabhairt i gcásanna eisceachtúla. Is gá aon iarratas i leith síneadh ama a chur chuig an Roinn i scríbhinn agus míniú a thabhairt ar an gcúis go bhfuil an síneadh á iarraidh agus an dáta nua críochnaithe/tarraingthe anuas. Coinníonn an Roinn aici féin an t-iarratas i leith shíneadh ama a cheadú nó a dhiúltú.

Iarratais

Faoi CHLÁR 2021 féadfaidh scoileanna, grúpaí pobail agus Comhlachtaí Forbartha Áitiúla iarratais a chur isteach faoi Bhearta 1 agus 2 agus is féidir le grúpaí pobail iarratais a chur chuig an Údarás Áitiúil faoi Bheart 3(a). I measc na nGrúpaí Pobail áirítear eagraíochtaí spóirt áitiúla más ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne atá an bonneagar atá ag fáil tacaíochta tríd an iarratas (nach don eagraíocht spóirt amháin é) agus go mbeidh sé ar fáil don phobal uilig gan aon srianta ná riachtanais bhreise a bheith leagtha síos.

D'fhéadfadh go roghnódh an tÚdarás Áitiúil suas le **10 n-iarratas san iomlán** faoi Bhearta 1 agus 2 agus suas le **3 iarratas san iomlán** i leith tionscadal faoi Bheart 3(a), lena gcur ar aghaidh chuig an Roinn le meas.

Ba cheart go mbeadh gach tionscadail a chuirfeadh chun cinn ar an gcaighdeán cuí, ag teacht le hachóimrí na scéime, agus go gclóíonn siad leis an bpleanáil ag an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear an Plean Áitiúil Eachnamaíochta agus Pobail agus pleananna na mbailte.

Is féidir roinnt gnéithe éagsúla a chur san áireamh in iarratais a bhaineann le háis amháin (scoil nó áis phobail) a thagann faoi Bheart 1 (féach Achoimre ar Mhionsonraí na mBeart, thíos) suas go dtí an t-uasmhaoiniú a cheadaítear faoin mBeart.

An Próiseas Iarratais le haghaidh 2021

Tá an próiseas céanna i gceist le CLÁR 2021 agus a bhí i gcás CLÁR 2020. Iarrtar ar na hÚdaráis Áitiúla sonraí i dtaca le gach tionscadal a thabhairt sa cháipéis ‘Achoimre na nIarratas’. Caithfidh an Stiúrthóir Seirbhísí an dearbhú seo a shíniú ag tabhairt le fios go bhfuil gach cead, maoiniú meaitseála, etc. i bhfeidhm agus ag dearbhú go bhfuil an t-eolas atá á sholáthar ag teacht lena bhfuil leagtha síos san Achoimre ar Scéim CLÁR 2021. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur gá a léiriú in ‘Achoimre na nIarratas’ na tionscadail a dtabharfadh an ÚÁ féin tosaíocht dóibh i gcomhthéacs na pleanála go háitiúil agus an t-ord tosaíochta atá á thabhairt acu do gach tionscadal.

Ní gá cruthúnais ar cheadanna, maoiniú meaitseála etc. a sholáthar agus an t-iarratas á chur isteach ach caithfidh siad a bheith ar fáil don Roinn agus dá gníomhairí, má iarrtar iad, ar feadh tréimhse sé bliana ón am ar cuireadh an t-iarratas isteach. Gearrann sé seo siar go mór ar an ábhar breise a bheadh le cur ag an ÚÁ leis na hiarratais.

In éineacht le ‘Achoimre na nIarratas,’ ní mór don ÚÁ an fhoirm ‘Iarratas Tionscadail’ (MS Word) a sheoladh isteach i dtaca le gach aon tionscadal.

Is gá don ÚÁ a chinntiú go bhfuil na foirmeacha ‘Iarratas Tionscadail’ comhlánaithe go hiomlán agus ag cloí le ‘Achoimre ar Scéim 2021’. Is gá don ÚÁ a chinntiú go háirithe go mbeidh, faoi Bheart 2: Áiseanna Caithimh Aimsire don Phobal, Taobh Amuigh, na háiseanna a dtugtar maoiniú dóibh ar fáil don phobal agus go bhfuil socruithe soiléire i bhfeidhm i dtaobh árachais agus bainistiú na háise. Caithfidh na háiseanna a fhaigheann maoiniú faoi Bheart 2 a bheith ar oscailt don phobal, gan aon ghá le ballraíocht sa chlub nó a bheith cláraithe sa scoil etc. Caithfidh áiseanna atá lonnaithe i gclóis scoile a bheith ar oscailt don phobal taobh amuigh d’uairanta oscailte na scoile.

D'fhéadfadh nach mbeadh sé ar chumas sna Roinne fiosrú a dhéanamh maidir le cáipéisí a bheadh ar iarraidh nó foirmeacha iarratais a bheadh easnamhach. Ní gá go gcuirfí foirmeacha iarratais atá easnamhach san áireamh.

Ba chóir iarratais a sheoladh díreach chuig an Roinn ag CLAR@DRCD.gov.ie faoin **Aoine, 7 Bealtaine 2021**.

Critéir Mheastóireachta

Agus iarratais á meas le cur faoi bhráid an Aire cuirfear gnéithe éagsúla san áireamh, ina measc an tosaíocht a bhí tugtha, réimse, meascán, caighdeán agus tionchar na dtionscadal atá á gcur chun cinn, maoiniú a cuireadh ar fáil cheana agus ceisteanna cuí eile.

Nuair a bhíonn tionscadail á roghnú le haghaidh maoinithe bíonn tábhacht ar leith ag baint le caighdeán agus soiléireacht na foirme iarratais agus an t-eolas a bhíonn tugtha i dtaca leis an ngá agus an bunús atá leis an tionscadal.

D'fhéadfaí an cinneadh maidir le líon na dtionscadal a cheadófaí i ngach Contae a bhunú ar mhéid an cheantair CLÁR sa Chontae sin, i gcomórtas le méid iomlán an Chontae.

Cur i bhfeidhm na dTionscadal

Táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag na ÚÁ ó thaobh lear mór de na tionscadail a cheadóidh an Roinn a chur i gcrích. D'fhéadfadh, áfach, go dtabharfaí cead don CFÁ, le comhaontú an ÚÁ agus na hiarratasóirí pobail cuí soláthar an tionscadail a thógáil ar lámh. Sna cásanna seo aontóidh an Roinn conradh díreach leis an CFÁ in ionad an ÚÁ. Má tá sé i gceist gurb é an CFÁ a bheadh ag soláthar an tionscadail ba chóir ndéanfaí é seo a shoiléiriú ar an bhfoirm 'Achoimre na nIarratas' agus ar an bhfoirm 'Iarratas Tionscadail'.

Má bhíonn tionscnamh a bhfuil conradh aontaithe ina leith leis an Roinn easnamhach de bharr neamhchomhlíontachta, beidh an té a d'aontaigh an conradh freagrach, de réir mar is cuí, as an easnamh sin.

Spreagann an Roinn feabhsú ar an mbithéagsúlacht agus cuireann sí chun cinn é nuair a bhíonn tírdhrechtú á dhéanamh / á thabhairt ar ais m.sh e.g. plandaí pailneora dúchasacha faoi Bhearta 1, 2 agus 3(a) de CLÁR 2021.

Caithfidh gach tionscadal cloí le [treoiríne soláthair phoiblí](#).

Costais Incháilithe

Ba chóir do gach iarratasóir sonraí a sholáthar maidir le gach costas incháilithe a bhaineann leis an tionscadal. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbeidh incháilithe ach na costais a bhaineann le **caipiteal** agus atá lárnach don tionscadal.

Ba chóir na costais riaracháin/táillí gairmiúla a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus iad a shonrú go soiléir in Achoimre an Tionscadail. Beidh costais mar seo incháilithe suas go dtí uasmhéid **10%** de chostas iomlán an tionscadail.

Modh Íoctha an deontais

Féadfar maoiniú a tharraingt anuas i gcéimeanna, ar bhonn indibhidiúil nó i dteannta a chéile, i leith gach tionscadal;

- | |
|---|
| <ul style="list-style-type: none">• 50% nuair a chríochnófar ar a laghad 50% den tionscadal, agus |
| <ul style="list-style-type: none">• 50% nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe go hiomlán. |

Cuirfear leathanach comhlíontachta ar fáil le líonadh isteach agus is gá é seo a chur chuig an Roinn leis an iarratas deireanach ar tharraingt anuas, chomh maith le cruthúnas gur íocadh an t-airgead.

Ní féidir le ÚÁ /CFÁ iarratas i leith tarraingt anuas a dhéanamh nó go mbeidh **íocaíocht déanta** ag an ÚÁ / CFÁ agus an obair a bhí gceist **críochnaithe**. Níl sé inghlactha go gcuirfí iarratas ar tharraingt anuas chuig an Roinn agus gan sonraisc etc a bheith íoctha ag an ngrúpa pobail agus / nó ag an ÚÁ /CFÁ.

Achoimre ar Mhionsonraí na mBeart

Beart 1: Tacaíocht do Scoileanna/Bearta Sábháilteachta Pobail

Déanfaidh CLÁR 2021 measúnú ar idirghabhálacha a chinnteoidh go mbeidh timpeallacht na scoileanna níos folláine agus níos sábháilte do na páistí a bhíonn ag freastail orthu agus go mbeidh timpeallacht na n-áiseanna pobail níos folláine agus níos sábháilte do pháistí agus do dhaoine fásta a úsáideann iad. Baineann na hoibreacha seo leis an timpeallacht taobh amuigh de na scoileanna /de na háiseanna pobail agus ní bhaineann siad le hobair ar na foirgnimh scoile /pobail féin, taobh amuigh ná taobh istigh.

I dtaca leis seo léiríonn an tábla thíos cuid de na tacaíochtaí a bheadh incháilithe le maoiniú a fháil i gceantair CLÁR faoi na Bearta seo.

	An tUasmhéid a Bhronnfar
Soilse Caochta Sábháilteachta Ómra a cheannach nó a athrú.	Uasmhéid €7,000 in aghaidh an tacaí
Comharthaí Sábháilteachta i leith Leanaí a cheannach.	Uasmhéid €1,000 in aghaidh an chomhartha
Comharthaí sábháilteachta luais dhigiteacha a cheannach, a thabharfaidh le fios go bhfuil carranna ag dul isteach i gcrios ar leith.	Uasmhéid €14,000 in aghaidh an tacaí
Uasghrádú a dhéanamh ar mharcanna ar bhóithre atá ag dul chuig Scoileanna/áiseanna pobail.	Uasmhéid €1,000
Trasriain coisithe a chur in airde ag scoileanna/áiseanna pobail i mbailte beaga agus i sráidbhailte.	Uasmhéid €22,000
Cosáin rochtana cóngarach do scoileanna agus d'áiseanna pobail a thógáil nó uasghrádú a dhéanamh orthu.	Uasmhéid €30,000
Ionaid pháirceála do charranna ar	Uasmhéid €30,000

mhaithe le rochtain ar scoileanna nó ar áiseanna pobail.	
Scáthlám bus a sholáthar	Uasmhéid €25,000
Soilse poiblí a sholáthar	Uasmhéid €30,000
Tionscadail a bhaineann le sábháilteacht COVID-19 (caithfear an gá agus an bunús atá leis a léiriú sa mhír <i>Faisnéis faoin Tionscadal</i> ar an bhfoirm iarratais).	Uasmhéid €50,000
Uasmhéid iomlán in aghaidh an tionscadail má tá cuid de na gnéithe thuas san áireamh in iarratas i leith aon suíomh amháin.	Uasmhéid €50,000

Iarrthóirí Incháilithe:

Scoileanna, Grúpaí Pobail, Comhlachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla.

Roghnú na dTionscadal:

Caithfear tionscadail atá le cur ar aghaidh chuig an Roinn le meas a roghnú ar an mbonn:

- go bhfuil siad lonnaithe i gceantar CLÁR
- gur iarratas ó scoil, grúpa pobail nó CFÁ é a cuireadh chuig an ÚÁ
- go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil gach cead atá riachtanach faighte
- go bhfuil cruthúnas ann, má bhaineann le hábhar, go bhfuil úinéireacht léasa i bhfeidhm
- go bhfuil meastachán iomlán faighte i leith an chostais, lena n-áirítear riarachán/ táillí gairmiúla (Ní gá iad a sholáthar ag an bpointe seo)
- cruthúnas go bhfuil maoiniú meaitseála in áit, má bhaineann le hábhar
- cruthúnas soiléir maidir leis an ngá atá leis an obair
- go dtagann sé leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail/plean eile.

An Ráta Maoinithe

Beidh uasmhéid €5,000 de dheontas i gceist leis an mBeart seo, mar atá leagtha amach sa tábla thuas. Clúdóidh an Scéim suas le 90% den chostas nó an t-uasmhéid atá léirithe sa tábla thuas, pé acu is ísle. Ba chóir go ndéanfaí an 10% eile, nó fuilleach an chostais, á sholáthar tríd an Údarás Áitiúil /an pobal/foinsí eile,

agus go dtiocfadh ar a laghad 5% de shíntiús ón scoil /ón bpobal. Glacfar le síntiús Daonchairdiúla mar mhaoiniú meaitseála, nó mar chuid den mhaoiniú sin.

Beart 2: Áiseanna Caithimh Aimsire Taobh amuigh, don Phobal

Féachfaidh CLÁR 2021 le tacaíocht a thabhairt d'obair fheabhsúcháin ar áiseanna atá ann cheana agus/nó le forbairt ar áiseanna nua caithimh aimsire taobh amuigh, don phobal.

Tá an Beart seo á leathnú amach in 2021 chun go mbeidh siad seo a leanas san áireamh: páirceanna spraoi, ionaid ilchluichí agus áiseanna do dhéagóirí/d'ógánaigh ar nós páirceanna clárscátála. Ceadófar chomh maith uasghrádú ar pháirceanna spraoi, ionaid ilchluichí agus páirceanna clárscátála atá ann cheana.

Iarrthóirí Incháilithe:

Grúpaí Pobail, Scoileanna, Comhlachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla

Roghnú na dTionscadal:

Caithfear gach tionscadal a chuirfidh an ÚÁ ar aghaidh chuig an Roinn le meas a roghnú ar an mbonn:

- go bhfuil sé lonnaithe i gceantar CLÁR
- gur iarratas é ó eagraíocht nó ó CFÁ pobail chuig an ÚÁ
- go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil gach cead atá riachtanach faighte
- go bhfuil cruthúnas ann, má bhaineann le hábhar, go bhfuil úinéireacht /léas i bhfeidhm
- go bhfuil meastachán iomlán faighte i leith an chostais, lena n-áirítear riarachán/ táillí gairmiúla (Ní gá iad a sholáthar ag an bpointe seo)
- go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil maoiniú meaitseála in áit, má bhaineann le hábhar
- go mbeidh sé ar fáil don phobal, gan gá a bheith le coinne, agus go bhfuil an t-árachas cuí i bhfeidhm
- i gcás tionscadail a cheadóidh tinte a lasadh msh beárbaiciúnna, go bhfuil cead soiléir an úinéara talún ina leith seo ar taifead
- go bhfuil cruthúnas soiléir ann maidir leis an ngá atá leis an tionscadal
- go dtagann sé leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail/plean eile.

Cineál na nIdirghabhálacha

Tacóidh an Beart le hidirghabhálacha caipitil éagsúla chomh fada agus go gcuireann siad feabhas ar áiseanna atá ann cheana agus/ nó go ndéanann siad forbairt ar Áiseanna nua, inrochtana Caithimh Aimsire Taobh Amuigh, don Phobal. Tugann an liosta seo thíos léargas ar an gcineál idirghabháil a mbeadh tacaíocht ar fáil ina leith, cé nach liosta iomlán é:

- Scáileán Scannán Faoin Aer
- Ardán Banna Ceoil /Aimfitéatar
- Scairdeán Uisce le hÓl, Faoin Aer
- Binsí Picnice agus Suíocháin Chlúdaithe
- An Tírdhrechtú agus Leathnú Cosán a bhaineann leis
- Áiteanna Súgartha / Ionaid Ilchluichí (nua nó uasghrádaithe)
- Páirceanna Clárscátála
- Spásanna do Ranganna Aclaíochta
- Leithris Phoiblí agus Boscaí Bruscair
- Páirceáil le haghaidh Carranna agus Rothair

Is gá go dtabharfaí achoimre shoiléir san fhoirm iarratais ar an ngá agus ar an mbunús atá leis an idirghabháil atá á moladh.

Is gá do gach tionscadal comhartha *Ná Fág Lorg* a thaispeáint agus daoine a mhealladh le cloí leis na prionsabail ar a bhfuil sé bunaithe. Is féidir an costas a bhainfeadh leis na fógraí cuí a chur san áireamh i gcostas iomlán an tionscadail.

An Ráta Deontais

Beidh íosmhéid deontais €5,000 agus uasmhéid deontais €50,000 in aghaidh an tionscadail ar fáil. Is é 90% de chostas iomlán an tionscadail uasmhéid an deontais a íocfar nó uasmhéid €50,000, pé acu is ísle. Ba chóir go dtiocfadh an 10% eile, nó fuilleach an chostais, ón údarás áitiúil/ón bpobal/ó fhoinsí eile agus íosmhéid síntiúis 5% ón bpobal. Glacfar le síntiúis dhaonchairdiúla mar mhaoiniú meaitseála, nó mar chuid de.

Beart 3(a): Gairdíní Pobail /Cuibrinn Phobail

Tacaíonn an beart seo le gairdíní pobail, cuibrinn agus gairdíní céadfacha. Tá sé riachtanach go mbeadh na háiseanna seo ar fáil don phobal.

Iarrthóirí Incháilithe:

Scoileanna, Grúpaí Pobail, Comhlachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla.

Roghnú na dTionscadal:

Cuirfear an Beart i bhfeidhm tríd an ÚÁ. Caithfidh gach tionscadal a chuirfidh na ÚÁ faoi bhráid na Roinne a bheith roghnaithe ar an mbonn:

- go bhfuil sé lonnaithe i gceantar CLÁR
- gur iarratas é ó eagraíocht nó ó CFÁ pobail chuig an ÚÁ
- go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil gach cead atá riachtanach faighte
- go bhfuil cruthúnas ann, má bhaineann le hábhar, go bhfuil úinéireacht /léas i bhfeidhm
- go bhfuil meastachán iomlán faighte i leith an chostais, lena n-áirítear riarachán/ táillí gairmiúla (Ní gá iad a sholáthar ag an bpointe seo)
- go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil maoiniú meaitseála in áit
- go mbeidh sé ar fáil don phobal, gan gá a bheith le coinne, agus go bhfuil an t-árachas cuí i bhfeidhm
- i gcás tionscadail a cheadóidh tinte a lasadh, msh. beárbaiciúnna, go bhfuil cead soiléir an úinéara talún ina leith seo ar taifead
- go bhfuil cruthúnas soiléir ann maidir leis an ngá atá leis an tionscadal
- go dtagann sé leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail /plean eile.

Cineálacha na nIdirghabhálacha

D'fhéadfadh go mbeadh maoiniú ar fáil do nithe fearacht ullmhúcháin, cosáin, ceapacha ardaithe, plandaí pailneora dúchasacha, plandú agus trealamh céadfach, polatholláin, botháin, tancanna bailiú uisce, sconsaí, geataí, uirlisí de réir mar a oireann, boird phicnice, scáthláin agus spásanna taobh amuigh le haghaidh oighinn phíotsaí agus beárbaiciúnna.

Caithfear a léiriú go soiléir ar an bhfoirm iarratais an gá agus an bunús atá leis an idirghabháil a bhfuil maoiniú á lorg ina leith.

Is gá do gach tionscadal comhartha *Ná Fág Lorg* a thaispeáint agus na prionsabail ar a bhfuil sé bunaithe a chur chun cinn. Is féidir an costas a bhainfeadh leis na comharthaí cuí a chur san áireamh i gcostas iomlán an tionscadail.

An Ráta Deontais

Beidh íosmhéid deontais **€5,000** agus uasmhéid deontais **€50,000** in aghaidh an tionscadail ar fáil. Is é **90%** de chostas iomlán an tionscadail uasmhéid an deontais a íocfar nó uasmhéid **€50,000**, pé acu is ísle. Ba chóir go dtiocfadh an 10% eile, nó fuilleach an chostais, ón údarás áitiúil/ón bpobal/ó fhoinsí eile agus íosmhéid síntiúis 5% ón bpobal. Glacfar le síntiúis dhaonchairdiúla mar mhaoiniú meaitseála, nó mar chuid de.

Coinníollacha Maoinithe le haghaidh Scéimeanna Tuaithe a fhaigheann maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Beidh gach caiteachas a chláraítear faoi Scéimeanna Tuaithe na Roinne i.e. An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR, An Scéim Bonneagair do Chaithimh Aimsire Taobh Amuigh (ORIS) faoi réir na dtéarmaí a bhaineann leis an gCód Caiteachas Phoiblí, a bhfuil fáil air ag <http://publicspendingcode.per.gov.ie/>.

Anuas air sin beidh na riachtanais atá sonraithe thíos i gceist le gach maoiniú a cheadaítear tríd na scéimeanna seo. Léireofar an gá atá ann go cloífear leis na riachtanais ar fad sa chonradh a bheidh comhaontaithe idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an deontaí a bhfuil maoiniú á chur ar fáil dó faoin scéim.

1.	Ba cheart go dtosófaí agus go gcríochnófaí tionscadail taobh istigh den amscála atá leagtha síos san Achoimre Scéime cuí.
2.	D'fhéadfadh an Roinn maoiniú a bhí ceadaithe do thionscnamh faoin Scéim a tharraingt siar mura dtugtar an tionscadal chun críche, agus mura raibh socrú i leith sínidh aontaithe roimh ré leis an Roinn.
3.	Is as buiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail a thiocfaidh an maoiniú do na tionscadail a cheadófar. Ba chóir na costais riaracháin agus gairmiúla a bhaineann leis an tionscadal, má tá siad ceadaithe in Achoimre na Scéime, a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Is gá go mbeadh an t-eolas maidir leis na costais seo soiléir ar an bhfoirm iarratais agus ní cheadófar iad ach ag uasmhéid 10% de chostas iomlán an tionscadail.
4.	
5.	Teastóidh ranníocaíocht airgid mar atá leagtha amach san Achoimre Scéime cuí. Caithfidh an deontaí dearbhú a chur ar fáil go bhfuil an

	ranníocaíocht i bhfeidhm agus taifead a choinneáil maidir le foinse an airgid.
6.	Ní mór na tionscadail a bheith curtha i gcrích ina n-iomláine sula bhféadfar an maoiniú ar fad a tharraingt anuas. Sa chás nach mbíonn an tionscadal tugtha chun críche d'fhéadfadh an Roinn iarraidh ar an deontáí aon mhaoiniú a bhí bronnta a íoc ar ais. Má bhíonn aon athrú á dhéanamh ar an tionscadal atá beartaithe is gá go mbeadh sé seo curtha in iúl don Roinn agus aontaithe sula gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm.
7.	Má bhíonn gné den tionscadal a bhí ceadaithe nach gcuirtear i bhfeidhm mar a bhí leagtha amach san iarratas d'fhéadfaí an maoiniú a laghdú chun an leasú sin ar an tionscadal a léiriú.
8.	Má bhaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó ar thalamh nach bhfuil úinéireacht ag an deontáí orthu is gá go mbeadh léas 5 bliana ar a laghad i bhfeidhm, ón data ar críochnaíodh an tionscadal.
9.	I gcás aon mhaoiniú a cheadaítear i leith fiontair nó áiseanna (i.e. ionaid phobail, moil, feithiclí atá faoi CLÁR etc.), tá sé riachtanach go mbeidís ag feidmiú mar a leagadh síos ar feadh ar a laghad 5 bliana ón am ar bronnadh an maoiniú don chéim dheireanach, nó eile d'fhéadfadh go gcaithfí an maoiniú a aisíoc. Má bhíonn siad ag feidmiú ar bhealach nach dtagann leis an maoiniú is gá é seo a chur in iúl don Roinn agus a aontú roimh ré.
10.	Is gá cloí le gach riail agus rialáil cuí ó thaobh airgeadais, Soláthar Poiblí agus cuntasáíochta de agus caithfidh gach deontáí cuntas iomlán a thabhairt go pras maidir leis an maoiniú a bhí faighte.
11.	Ba cheart cáipéisí atá iomlán agus cruinn i dtaca le gach caiteachas a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana ón dáta ar tugadh an tionscadal chun críche agus iad a bheith ar fáil i gcaitheamh an ama d'oifigigh na Roinne ar mhaithe le iniúchadh.
12.	Tabharfaidh gach deontáí aitheantas don tacaíocht ó Thionscadal 2040 / An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail / Rialtas na hÉireann, agus aon fhoinsí maoinithe eile a bhaineann le hábhar (mar atá aitheanta sa Chomhaontú Maoinithe cuí) i ngach fógra poiblí, bhfógraíocht agus comharthaíocht a bhaineann leis an tionscadal, de mar is cuí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go dteastódh ón Roinn an tionscadal a úsáid ar bhealach níos forleithne chun a polasaithe a chur chun cinn.
13.	Cuirfidh gach deontáí ar fáil aon tuairiscí nó eolas faoin tionscadal a

	d'iarrfadh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ó am go ham.
14.	Ba chóir monatóireacht agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar thorthaí agus ar aschur an tionscadail chun tionchar an tionscadail a mheas. Táthar ag súil go mbaileoidh an deontaí na sonraí cuí ar bhonn leanúnach d'fhonn é seo a chur i gcrích. Má iarrtar a leithéid, ba cheart tuairisc ghairid (1-2 leathanach) ar thorthaí agus aschur an tionscadail a bhfuil maoiniú aige a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn.
15.	Cuirfidh gach deontaí eolas i dtaobh teagmhálaithe ar fáil don Roinn chun íocaíocht agus iarratais ar eolas a éascú. Ba chóir an Roinn a chur ar an eolas go pras má thagann aon athrú ar theagmhálaithe.
16.	Beidh gá seicliosta a líonadh isteach nuair a chríochnófar an tionscadal ag tabhairt le fios gur leanadh na coinníollacha a bhain leis an maoiniú.

Mura gcloítear leis an coinníollacha mar atá leagtha amach thuas nó le cúinsí eile a bhí aontaithe le linn don chonradh a bheith á phlé, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí siar cuid den deontas a bhí bronnta, nó an deontas ar fad.

Ceisteanna

Ba chóir ceisteanna a sheoladh chuig CLAR@DRCD.gov.ie.